2021 – Roinn 2 Ceist 1B Páirt (i)

*(i)* *Scrúdaigh an chaoi a dtéann* ***próiseas an tsil-leagain*** *i bhfeidhm ar fhoirmiú tírghné abhann* ***amháin*** *nó ar fhoirmiú tírghné cósta* ***amháin*** *nó ar fhoirmiú tírghné oighrí* ***amháin*** *a bhfuil staidéar déanta agat uirthi****.***

*Scéim Mharcála:*

*Tírghné Ainmnithe 1x PSÁ*
*Léaráid lipéadaithe 1x PSÁ*
*Sampla 1x PSÁ*

Is éard is deilt ann píosa talún leibhéalta gláir atá sil-leagtha ag abhainn nuair a shníonn sí isteach in uisce atá ag bogadh go mall ar nós locha nó farraige. Is i gcéim na seanaoise a fheictear deilt mar go mbíonn an fhána leibhéalta agus luas uisce na habhann níos moille. Ionas gur féidir le deilt foirmiú, is gá ualach mór dríodair a bheith á n-iompar ag an abhainn.

Nuair a fhoirmíonn an deilt, déantar an dríodar a scagadh agus a shil-leagan i dtrí ghrúpa éagsúla.
Is sraitheanna leibhéalta miondríodair ar nós cré agus gláir atá sa chiseal bunsuite. Is trí fhuaidreamh a thugtar an dríodar amach san fharraige. Leagtar an miondríodar seo chun tosaigh ar an bpríomhdheilt. Sa chiseal tulsuite, bíonn sraitheanna tiubha d'ábhar níos gairbhe ná sa chiseal bunsuite. Leagtar síos an dríodar níos congaraí do bhéal na habhann agus luíonn an dríodar sin ar bharr an chisil bunsuite. Titeann an ciseal tulsuite le fána i dtreo na farraige. De réir mar a shil-leagtar níos mó ábhar ar an gciseal tulsuite, fásann an deilt chun tosaigh. Ar bharr, tá an ciseal barrshuite ina mbíonn meascán d'ábhar leagtha síos cóngarach don talamh, éiríonn cainéal na habhann plúchta ag an ábhar seo agus bíonn ar an abhainn roinnt ina cainéil dhifriúla ar a dtugtar tréig-aibhneacha. De réir a chéile, fásann an deilt chun tosaigh mar thuilemhá ag an abhainn.

| |
|---|
| Léaráid lipéadaithe de na cisil dhifriúla. |

Is í is muirdheilt ann deilt a shníonn isteach san fharraige. Ní fhoirmíonn muirdheilt ach amháin má tá níos mó driodair á leagan ag an abhainn ná mar atá an fharraige ag scuabadh leis. Tá trí phríomhchineál muirdheilte ann.
Bíonn cruth triantáin ar stuadheilt agus í déanta d'ábhar garbh a bhíonn sí de ghnáth. Cruthaítear í nuair a bhíonn sruthanna na farraige láidir, rud a choimeádann an t-imeall lasmuigh den deilt díreach. Bíonn go leor tréig-aibhneacha i gceist le stuadheilt. Is sampla de stuadheilt í Deilt na Níle. Bíonn líon beag tréig-aibhneacha ag deilt crúibe éin agus síneann gach tréig-abhainn amach san fharraige. Bíonn ábhar an-mhín ag an gcinéal seo muirdheilte agus fásann leibhé ar thaobhanna na dtréig-aibhneacha. Is sampla í Deilt an Mhississippi de dheilt crúibe éin. Ní shíneann deilt inbhir níos faide amach ná an cósta. Sil-leagtar an dríodar in uisce éadomhain ar thaobhanna an inbhir. Tá sampla de seo le feiceáil ar inbhear na Sionainne.